

# TREOIR DO DHALTAÍ AR SHOCRUITHE MEASÚNAITHE 2021/22



Má tá tú le scrúduithe a dhéanamh agus críoch a chur le cáilíocht CCEA i Samhradh 2022, beidh an rogha agat measúnú amháin a fhágáil ar lár i gcás an chuid is mó d'ábhair CCEA. Tá na socruithe nua curtha in áit le haitheantas a thabhairt don dóigh ar cuireadh isteach ar an fhoghlaim mar gheall ar COVID-19 go dtí seo, agus le measúnuithe a dhéanamh níos cothroime duit mar thoradh.

In CCEA, tá muid ag obair i dtreo na scrúduithe a bheith ann i mbliana, agus leanfaidh muid leis an chomhairle ón rialtas agus ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (PHA) le bheith cinnte go ndéanfar na scrúduithe go sábháilte.

Tuigeann muid go mbeadh ceisteanna agat faoi bhronnadh agus faoi mheasúnú 2021/22, agus is é aidhm na treorach gairide seo iad sin a fhreagairt. Ar na topaicí san áireamh tá:

na roghanna measúnaithe agus  
bronnata atá ar fáil duit

socruithe do dhaltaí  
Bhliain 11

amchláir agus laethanta na  
dtorthaí

meabhairshláinte agus  
folláine



# CAD É MAR A THÉANN SOCRUITHE MEASÚNAITHE AGUS BRONNTA 2021/22 I BHFEIDHM ORT?

I mórchuid dár gcáilíochtaí, tá aonad measúnaithe amháin sainaitheanta ag CCEA nach gá duit a dhéanamh. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an rogha agat níos lú scrúduithe agus measúnuithe a dhéanamh an bhliain seo. Sa chás seo, beidh dhá rogha agat:

## ROGHA 1

Thig leat a roghnú gan ach na [haonaid éigeantacha](#) a dhéanamh mar atá leagtha amach ag CCEA, rud a laghdóidh líon na scrúduithe nó na measúnuithe a bheidh le déanamh agat.

**Ach beidh inneachar iomlán na cáilíochta á theagasc duit** i rith an chúrsa staidéir.

## ROGHA 2

Beidh an rogha agat **na scrúduithe/measúnuithe uilig a dhéanamh** do na hábhair CCEA GCSE, AF nó A-leibhéil agat.

Beidh an cinneadh seo le haontú agat idir tú féin, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí/do chúramóirí.

Le bheith cinnte nach mbeith tú faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar do chinneadh gach aonad a dhéanamh, déanfaidh CCEA **comparáid** idir an grád a fhaigheann tú i ndiaidh na haonaid uilig a dhéanamh agus an grád a gheofá sa chás gurbh iad na haonaid éigeantacha amháin a rinne tú.

**Léiríonn an sampla ar an chéad leathanach eile cad é mar a oibreoidh seo.**



# GRÁDÚ 2022 – SAMPLA DE GHRÁDÚ AGUS AN GRÁD IS AIRDE A BHAINT AMACH ÓN DÁ CHONAIR

Is daltaí Bhliain 12 iad Ailís agus Stiofán atá ag ullmhú dá scrúduithe Stair GCSE i Samhradh 2022.

Tá dhá aonad ag Stair GCSE. Déantar Aonad 1 a ghrádú as 120 marc aonfhoirmeach, agus déantar Aonad 2 a ghrádú as 80 marc aonfhoirmeach.

Do Shamhradh 2022, tá sé ráite ag CCEA go bhfuil an rogha ag daltaí Stair GCSE an measúnú ar Aonad 2 a fhágáil ar lár.

## SAMPLA 1

### AILÍS

Roghnaigh Ailís Aonad 2 a fhágáil ar lár. Ciallaíonn seo:

- » Go dteagascfar an tsonraíocht iomlán Stair GCSE di, a chlúdaíonn gach topaic agus a fhorbraíonn gach scil riachtanach don dá aonad.
- » Nach ndéanfaidh sí ach an scrúdú d'Aonad 1.

Beidh an grád foriomlán GCSE ag Ailís bunaithe ar an fheidhmíocht s'aici in Aonad 1.

### AILÍS: STAIR GCSE

AONAD	MARCANNA AONFHOIRMEACHA BAINTE AMACH	GRÁD
AONAD 1	92 as 120	B



## SAMPLA 2

### STIOFÁN

Roghnaigh Stiofán na scrúduithe uilig a dhéanamh; ní fhágfaidh sé Aonad 2 ar lár. Ciallaíonn seo:

- » Go dteagascfar an tsonraíocht iomlán Stair GCSE dó, a chlúdaíonn gach topaic agus a fhorbraíonn gach scil riachtanach don dá aonad.
- » Go ndéanfaidh sé na scrúduithe d'Aonad 1 agus d'Aonad 2 araon.

Le cinntiú nach bhfuil Stiofán thíos leis mar gheall ar a chinneadh leis na haonaid uilig a dhéanamh, cuirfidh CCEA an grád a bhaineann Stiofán amach i ndiaidh dó Aonaid 1 agus 2 a dhéanamh **i gcomparáid** leis an ghrád a bhainfeadh sé amach dá bhfágfadh sé Aonad 2 **ar lár**.

Bronnfaidh CCEA cé acu den dá ghrád seo is airde ar Stiofán:

### STIOFÁN: STAIR GCSE (GRÁDAITHE AR DHÁ AONAD)

AONAD	MARCANNA AONFHOIRMEACHA BAINTE AMACH	MARC IOMLÁN AONFHOIRMEACH	GRÁD
AONAD 1	96 as 120	136 as 200	C*
AONAD 2	40 as 80		

### STIOFÁN: STAIR GCSE (GRÁDAITHE AR AONAD AMHÁIN)

AONAD	MARCANNA AONFHOIRMEACHA BAINTE AMACH	MARC IOMLÁN AONFHOIRMEACH	GRÁD
AONAD 1	96 as 120	96 as 120	A

**Bronnann CCEA an grád is airde den dá ghrád, mar sin faigheann Stiofán grád A.**

Tá na sonraí a bhaineann leis na haonaid mheasúnaithe roghnacha ar fáil ag [www.ccea.org.uk/summer-2022/specification-addenda](http://www.ccea.org.uk/summer-2022/specification-addenda)



## CAD É ATÁ AG TARLÚ DO DHALTAÍ BHLIAIN 11?

Tá na scrúduithe uilig beartaithe do Shamhradh 2022 mar is gnách, mar sin, beidh tú ábalta scrúduithe a dhéanamh ag deireadh Bhliain 11. Cuirfidh siad seo leis an ghrád deiridh a bhronnfar nuair a chríochnaíonn tú do GCSEanna i Samhradh 2023. Teagascfar an t-inneachar iomlán GCSE agus na scileanna gaolmhara duit.

## MAR A CHUIREANN AF 2021 LEIS AN A-LEIBHÉAL

**Ní chuirfidh** do ghráid leibhéal AF ó Shamhradh 2021 le do ghrád foriomlán A-leibhéil in 2022, mar níl sé indéanta grád a chomhcheangal le marc. Le tuilleadh eolais a fháil air seo, tabhair cuairt ar an fhíseán *Summer 2022 A Level Grades – How A level grades in Summer 2022 will use the 2022 A2 results only* [ar ár suíomh gréasáin](#).

Is cáilíocht luachmhar aisti féin é go fóill do ghrád AF agus cuirfidh sé ar do chumas:

- » do roghanna deiridh A-leibhéil a dhéanamh
- » d'fhoirmeacha UCAS a chomhlánú, agus
- » fianaise de ghnóthachtáil oideachasúil d'fhostaíocht sa todhchaí nó do chonair oideachasúil dhifriúil a chur ar fáil.

## TACAR IOMLÁN DE GHRÁID AR FÁIL

Beidh an tacar iomlán de ghráid scrúdaithe ar fáil, is cuma cé acu conair a roghnaíonn tú.

Ciallaíonn seo:

- » Beidh Gráid A\* go G ar fáil go fóill do leibhéal GCSE
- » Beidh Gráid A go E ar fáil go fóill do leibhéal AF
- » Beidh Gráid A\* go E ar fáil go fóill d'A-leibhéal

## AMCHLÁIR AGUS LAETHANTA NA DTORTHAÍ

**An méid atá ar eolas againn go dtí seo ...**

I mí na Samhna agus mí na Nollag 2021, beidh scrúduithe ar fáil do Bhéarla, Matamaitic, Eolaíochtaí Teastais Shingil agus Dhúbailte GCSE.

Beidh scrúduithe aonaid d'Eolaíochtaí Teastais Shingil agus Dhúbailte GCSE ar fáil go mall i mí Feabhra 2022.

Is féidir leat amharc ar na [Cláir Ama Dheiridh GCSE](#) agus na [Cláir Ama Dheiridh GCE](#) do Shamhradh 2022 ar shuíomh gréasáin CCEA.

**Laethanta na dtorthaí 2022**

- » A-leibhéal agus leibhéal AF – Déardaoin 18 Lúnasa 2022
- » GCSEanna – Déardaoin 25 Lúnasa 2022



## DO MHEABHAIRSHLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá meabhairshláinte agus folláine daltaí lárnach san obair a dhéanann CCEA gach bliain. Oibríonn muid le raon leathan eagraíochtaí le meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn agus tacú leo mar chuid dár bhforbairt rialta curaclaim.

Molann muid duit cuairt a thabhairt ar an rannán ar ár suíomh gréasáin, [Meabhairshláinte agus Folláine](#). Tá naisc úsáideacha ann le línte seachtracha cabhrach agus carthanachtaí, chomh maith le treoracha a chuimsíonn topaicí cosúl le cinnteoireacht fhreagrach, féinfheasacht agus go leor eile.

Tá leideanna cuidiúla inár rannán [Ullmhú do Scrúduithe](#) agus tá treoracha ann do thuismitheoirí ar scrúduithe CCEA. Beidh muid ag cur áiseanna nua leis an rannán seo sna míonna atá le teacht. Coinnigh súil mar sin ar ár mbealaí sna meáin shóisialta faoi choinne uasdátuithe.

## AN ÁIT LE DUL LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL

Le tuilleadh eolais a fháil ar shocruithe measúnaithe 2021/22, tabhair cuairt le do thoil ar ár [rannán gréasáin do Shamhradh 2022](#), a chuimsíonn:

- » [Rannán na dDaltaí](#) a bhfuil físeáin agus treoracha úsáideacha ann;
- » rannán a uasdátaítear go rialta, [Ceisteanna Coitianta](#) (CCanna) (FAQs); agus
- » rannán [Meabhairshláinte agus Folláine](#).

Leanfar ar aghaidh de bheith ag uasdátú an rannáin seo le heolas agus ábhair thacaíochta, de réir mar a théann an bhliain scoile ar aghaidh.

Bí cinnte go leanann tú muid ar na meáin shóisialta:



ccea.info



ccea\_info



ccea\_info



ccea

Más mian leat teagmháil a dhéanamh linn go díreach in am ar bith le ceist nó ábhar buartha, seol ríomhphost le do thoil chuig: [info@ccea.org.uk](mailto:info@ccea.org.uk)

